

6

Cláir Oibre a Mhúnlú

Le breis is 150 bliain anuas bhí ról lárnach ag UCD i múnlú fhorbairt chultúr, shochaí, stair, pholaitíocht agus gheilleagar na hÉireann agus Éire a chur ar a bonnaibh i measc náisiúin an domhain. Tá an uaillmhian seo fós i réim i UCD an lae inniu, agus é ag díriú ar bharr feabhais acadúil a sholáthar agus éascú a dhéanamh ar thaighde idirnáisiúnta den chéad scoth.

Ní féidir le UCD an uaillmhian ollmhór seo a bhaint amach ar bhonn leanúnach gan a chéimithe óga. Tá súil ag an ollscoil caidreamh níos doimhne a chruthú lena alumni, agus ar an mbealach seo cur le cumhachtaí seachtracha tionchair ar féidir leo dul i bhfeidhm ar an athrú dearfach agus UCD a chur chun cinn ar bhonn domhanda.

A bhuíochas le Caidrimh Ollscoile UCD tá timpeallacht chumarsáide ann atá idir chomhtháite agus chomhleanúnach d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde UCD.

An aidhm atá ag Forbairt agus Caidrimh Alumni UCD ná nasc ar feadh an tsaoil a sholáthar idir an ollscoil agus a alumni ar fud an domhain agus idir spiorad rannpháirtíochta agus spiorad dílseachta a chothú. Bítear ag súil, le freagracht bailithe airgid UCD, gur féidir leis an alumni rud éigin a thabhairt ar ais dá alma mater d'fhonn cuidiú leis an rath leanúnach, rud a rachaidh chun sochair na nglúin mac léinn cumasach a thiocfaidh ina ndiaidh.

An Shamhain 2007, d'fháiltigh UCD roimh Tarja Halonen, 11ú Uachtarán Phoblacht na Fionlainne, ag lón um chearta an duine i dTeach Newman. An Dr Maurice Manning, Uachtarán Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine; An Dr Pentti Arajärvi, fear céile Uachtarán na Fionlainne; An tUachtarán Tarja Halonen agus an Dr Pádraic Conway, Leas-Uachtarán um Chaidrimh Ollscoile



Caidrimh na hOllscoile

Forbairt agus Caidrimh Alumni

Aitheantas Speisialta

Caidrimh na hOllscoile

Ar na nithe is tábhachtaí do UCD leis na mic léinn is fearr a mhealladh in Éirinn agus ó thíortha eile tá dea-cháil na hOllscoile ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Ar an gcaoi chéanna, tá ról tábhachtach ag dea-cháil agus an dearcadh atá ag daoine i leith na hollscoile san iarracht na teagascóirí agus na taighdeoirí is cumasaí a mhealladh chun oibre i UCD. Ní foláir Éire a chur i láthair ina tír lán féinmheas agus cumas, mealltóir T&F, agus UCD ina institiúid atá ag brú chun tosaigh cheannródaíocht an eolais agus atá ina baile nádúrtha don taighde agus an nuáil cheannródaíoch.

Bíonn Caidrimh Ollscoile UCD ag feidhmiú chun teachtaireachtaí lárnacha a chur in iúl do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha – teachtaireachtaí sainiúcháin – trí na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. An príomhfhócas atá ann ná tacú le haidhmeanna na hollscoile agus cuidiú léi a cuspóirí a bhaint amach trí úsáid sciliúil a bhaint as meáin chumarsáide agus uirlisí cumarsáide, chomh maith le tacú agus comhairle a sholáthar i ndáil le nósanna imeachta agus cleachtais inmheánacha. Is éard atá i gceist leis seo ná bainistiú a dhéanamh ar an margaíocht straitéiseach lárnach, ar chaidrimh leis na meáin, ar chaidrimh phoiblí, ar chumarsáid inmheánach agus ar mhór-imeachtaí bainistíochta ar son na hollscoile.

Dul chun cinn go dtí seo

Rinneadh mór-athbhreithniú ar 48 suíomh gréasáin acadúil le linn na bliana. Aimsíodh cúpla réimse ar ghá dul i ngleic leo tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an nascleanúint, an t-inneachar agus an dearadh a úsáideann gach Scoil agus Coláiste. Thairis sin, chuidigh an t-athbhreithniú athshainiú a dhéanamh ar chuspóir shuíomh gréasáin UCD mar bhealach chun cumarsáid sheachtrach a dhéanamh. Dearbhaíodh an buntáiste airgeadais a bhaineann le hoibriú laistigh de theimpléad uilíoch sa mhéid gur léirigh torthaí an iniúchta go soiléir gur féidir leis na Scoileanna a fhanann laistigh den teimpléad uilíoch an gréasán a chur in oiriúint dá riachtanais féin, an leas is fearr agus is féidir a bhaint as tionchar a n-inneachair agus a n-inneachar a aistriú chuig córas bainistíochta inneachair UCD go héasca.

Cuireann na tionscadail mhargaíochta céimithe feabhais mhargaíochta nideoige ar fáil le haghaidh na Scoileanna Céimithe agus na Scoileanna éagsúla ar leith. Déanfar plean níos fadtéarmaí agus níos straitéisí a fhorbairt i dteannta phlean toraidh an tionscadail seo.

Tá bunachar sonraí na n-imeachtaí ar líne gníomhach anois. Le míonna beaga anuas cuireadh leis an mbunachar chun imeachtaí na mac léinn a chur san áireamh agus an cuspóir leis seo ná cuidiú le mic léinn, leis an bhfoireann agus le cuairteoirí a fháil amach céard atá ar siúl i UCD inniu.

Cuireann an uirlis mhargaíochta tacaíocht phraiticiúil ar fáil do na Coláistí, na Scoileanna agus na hInstitiúidí a bhfuil seans ann nach

mbeadh saineolas ná saintaithí mhargaíochta inmheánach acu.

Ag tógáil ar an tuarascáil tagarmhairc a rinneadh ar mhonatóireacht ar an meáin, rinne an Oifig athbhreithniú ar láithreach UCD sna meáin chlóite náisiúnta. Chuir an t-athbhreithniú léargas ar fáil i ndáil leis an tionchar a bhíonn ag caidrimh mheáin agus léirigh sé an luach a bhaineann le saineolas acadúil a chur chun cinn.

Anuraidh mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar earcaíocht foirne daingníodh an polasaí agus an cleachtas fógraíochta sa réimse seo. De bhreis ar an obair sin, cuireadh i gcrích plean gnó, ina bhfuil anailís ar iomaitheoirí idirnáisiúnta agus measúnú ar éifeachtacht na mbealaí fógraíochta éagsúla.

Gnóthachtálacha tábhachtacha

Is ollscoil UCD a chuireann deiseanna ar fáil do mhic léinn atá chomh maith céanna leis na deiseanna atá ar fáil in aon áit ar fud an domhain. Tá rath leanúnach *UCD Horizons* ina shampla amháin de seo, a raibh 5.2% de mhéadú ar roghanna céad áite in iarratais CAO 2008 mar thoradh air. Is mór an tábhacht a bhaineann leis na deiseanna atá á dtairiscint ag UCD a chur in iúl go soiléir do pháirtithe leasmhara cuí sna mic léinn náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr a mhealladh agus a choinneáil.

Is bealaí fós iad foilsiú dhá irisleabhar na hollscoile, *UCD Connections* agus *UCD Today* chun fionnachtana taighde agus gnóthachtáil acadúil a chur i láthair maille leis na himeachtaí iomadúla a reáchtáiltear ar an gcampas. Déanann Grúpa Comhairleach na bhFoilseachán maoirseacht

Chuir rath UCD Horizons
le méadú de 5.2% i
gcéad roghanna iarratais
CAO 2008



ar na foilseacháin i dteannta ionadaithe ó gach cuid den ollscoil. Tá an nuacht ar líne fós ar an bpríomhbhealach gnóthachtálacha agus fionnachtana UCD a chlúdach.

Thacaigh an Oifig Chaidrimh Ollscoile le roinnt mhaith imeachtaí, seoltaí agus comhdhálacha ardphróifíle a bhí ar siúl san ollscoil. Seo thíos roinnt samplaí.

THE IRISH TIMES

On reflection: Dictators conferred in UCD celebrates the creative genius of James Joyce



Mhíbhuntáiste sa shlainte

Sheol an tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa torthaí cláir seacht mbliana ar an 20 Meán Fómhair 2007 – clár a raibh breis is 40,000 duine páirteach ann – idir mhná i dtréimhsí luatha an toirchis is dhaoine scothaosta. Foilsíodh 24 páipéar taighde mar chuid den mhórhionscadal seo, a reáchtáil an tAonad HRB um Stádas Sláinte agus Gnóthachtáil Sláinte, i bhforlíonadh speisialta den *Irish Medical Journal*. Léirigh na torthaí go bhfuil limistéir bheaga ann d'fíor-mhíbhuntáiste, go háirithe i limistéir uirbeacha, agus thug sé le fios gur chóir iarracht pholasaí speisialta a dhéanamh d'fhonn teacht ar na grúpaí agus na daoine is mó faoi mhíbhuntáiste i sochaí na hÉireann.

Annála na gCeithre Máistrí

I mí Dheireadh Fómhair 2007, tugadh le chéile *Annála na gCeithre Máistrí*, croinic ar stair na hÉireann ón réamhstair go dtí an bhliain 1616 a thionsaigh Proinsiasaigh na hÉireann. Seo an chéad uair ar tugadh iad le chéile ón mbliain 1636 i leith i dtaispeántas atá á reáchtáil i gcomhar lena chéile ag Proinsiasaigh na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann, UCD agus Coláiste na Tríonóide. *Writing Irish History: the Four Masters and their World*, is teideal don taispeántas agus tá sé ina chuid de chomóradh 400 bliain Lováin atá ar siúl chun bunú an choláiste Phroinsiasaigh Éireannaigh i Lováin na Beilge a cheiliúradh.

Uachtarán Phoblacht na Fionlainne

Ar an 13 Samhain 2007, d'fháiltigh UCD roimh Tarja Halonen, 11ú Uachtarán Phoblacht na Fionlainne, ag lón um chearta an duine i dTeach Newman. Bhí plé ann idir an Dr Maurice Manning, Uachtarán Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, lucht acadúil eile agus an tUachtarán Halonen ar cheisteanna a bhaineann leis an

Spriocanna don todhchaí

Má táthar chun fás líon an bhoinn chéimithe a choinneáil ag leibhéal na fochéime agus na hiarchéime araon níor mhór a bheith ag oibriú d'fhonn na mic léinn Éireannacha is fearr a choinneáil agus mic léinn ardchumasacha idirnáisiúnta a mhealladh. Ní foláir na deiseanna atá le tairiscint ag UCD a chur in iúl do ghrúpaí ar leith mac léinn má táthar chun spriocanna Straitéis an Rialtais um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a bhaint amach, i measc spriocanna eile.

gceartas sóisialta agus le cur chun cinn an chomhionannais, téamaí a bhí lárnach ina saol polaitiúil go dtí seo.

Triail nua leis an gceimiteiripe

I mí Eanáir 2008, d'fhorbair eolaithe ag Institiúid Conway UCD agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann tástáil einsíme d'othair a bhfuiltear díreach tar éis ailse cíche a dhiagnóis iontu, agus seans nach mbeadh gá ag na mná sin ceimiteiripe a fháil dá bharr. Féadtar a thuair an leathfaidh an ailse ó shuíomh na cíche nó nach leathfaidh, ach leibhéal einsíme ar leith a thástáil sa siad. Rinne roinnt grúpaí neamhspleácha ar fud an domhain na torthaí a bhailíochtú i staidéir a rinneadh ar bhreis is 8,000 othar.

Géarchéim mhaoiniúcháin sa tríú leibhéal

I mí an Mhárta 2008 ina dhiaidh sin ag oibriú trí mheán Chumann Ollscoileanna Éireann, tharraing an Dr Hugh Brady i gcomhar le huachtaráin na sé ollscoil Éireannacha eile aird ar an ngéarchéim mhaoiniúcháin san earnáil. Tar éis deich mbliana d'infeistíocht faoi bhun an méid is gá, thit croí-mhaoiniúchán diaidh ar ndiaidh 'go praiticiúil' agus tá ollscoileanna den tuairim go bhfuil uair na cinniúna sroichte mar a dtosódh cáilíocht na seirbhíse ag titim.

Seoladh leabhar

Seoladh *The Sense of Creation: Experience and the God Beyond* i dTeach Newman ar an 25 Meitheamh 2008 mar ar tugadh le chéile uachtaráin agus iar-uachtaráin UCD nuair a tháinig údar an tsaothair, an Dr Paddy Masterson le chéile leis an Dr Hugh Brady agus an Dr Art Cosgrove chun an saothar nua seo a cheiliúradh, saothar a chuirfidh go mór le fealsúnacht chomhaimseartha an réigiúin de réir gach cosúlachta.



An Dr Art Cosgrove, (Uachtarán UCD 1994-2003), An Dr Paddy Masterson (Uachtarán UCD 1986-1993), leis an Uachtarán UCD An Dr Hugh Brady, ag an seoladh *The Sense of Creation* i dTeach Newman

Is treoir mhaith an tionscadal gréasáin d'fhorbairt 'Scoil an dea-chleachtais' ó thaobh cumarsáid sheachtrach de. Déanfar seo a chur i bhfeidhm go céimneach sa bhliain amach romhainn i ngach ceann de na Scoileanna. Cuireann an gréasán deiseanna níos fearr ar fáil freisin chun teagmháil a bheith ann le spíodhreamanna seachtracha ach úsáid a bhaint as na hilmheáin. Tá sé beartaithe ag an oifig an gréasán a úsáid ar bhealach níos dinimiciúla sa bhliain atá romhainn.

Déanfar plean fógraíochta earcaíochta foirne a mheas i gcomhthéacs UCD agus institiúidí ardleibhéil eile.

Leanfaidh an fheidhm chumarsáide inmheánach ag cuidiú leis an ardbhainistíocht a bpleananna cumarsáide atá dírithe ar fhoireann agus ar mhic léinn a chur i bhfeidhm agus torthaí chlár oibre na hollscoile a chur i bhfeidhm mar a dtéann roinnt de na tionscadail i ngleic le ceisteanna cumarsáide agus cinnteoireachta.

Forbairt agus Caidrimh Alumni

Fanann an Oifig Forbartha agus Caidrimh Alumni i dteagmháil le pobal ardhpháirteach alumni ar fud an domhain; bíonn sí i gceannas mhórfheachtais bhailithe airgid na hollscoile; agus bainistíonn an t-ioncam daonchairdiúil a fhaigheann UCD trí Fhondúireacht UCD (Éireann), Fhondúireacht John Henry Newman (SAM) agus Cairde UCD (RA).

Cuireadh feabhas ar an teagmháil leis an alumni trí chlár dinimiciúil d'athaontuithe i Hall O'Reilly do ranganna na mblianta 1958, 1968 agus 1983 ar a dtugtar na lubhailí Cúig Bliana Ficead, Daichead Bliain agus Caoga Bliain. An príomhbhealach a ndéantar cumarsáide leis an alumni ná trí mheán *UCD Connections* irisleabhar nuadheartha alumni a bhfuil ag éirí thar na bearta leis.

Dul chun cinn go dtí seo

Cuireann Clár Comhaltachtaí Newman deiseanna taighde ar fáil ag an leibhéal iardhoctúireachta agus ó cuireadh tús leis sa bhliain 1989, mheall sé taighdeoirí ardchumais ar bhonn leanúnach – taighdeoirí a fuair urraíocht fhlaithiúil ón lucht gnó agus ó thionscail. D'fhás an líon iomlán Comhaltáí Newman go dtí 11 sa bhliain 2008, arna mhaoiniú ag A. Menarini, Abbott Laboratories, Actelion, Baxter Healthcare, C&C, Dawn Farm Foods, Merck Serono, Nycomed Products, Pierse Contracting, Sanofi-aventis agus Safefood.

Déanfar comóradh 21 bliain Clár Comhaltachtaí Newman a cheiliúradh sa bhliain 2010, le mórshhiompóisiam agus le teacht le chéile Chomhaltáí Newman.

Rinne Fondúireacht UCD an réamhobair ullmhúcháin le haghaidh feachtas ilthionscadal mór dar teideal *The Campaign for UCD: Forming Global Minds*. Roghnaíodh cúig thionscadal den chéad scoth le go gcuirfí iad san áireamh san fheachtas, agus seo a leanas spriocanna an fheachtais:

- Tús áite a bhaint amach ag an gceathrú leibhéal in Éirinn;

- Taighde a bheith ann áit a dtrasnaíonn na disciplíní a chéile;
- Cáil a bheith ar an ollscoil mar Ollscoil Éireannach go bunúsach, ach a bhfuil tionchar domhanda aici;
- Céimithe cruthaitheacha nuálaíocha a chruthú.

Gnóthachtálacha tábhachtacha

Rinneadh dul chun cinn maith san fheachtas don scoil nua Scoil Dlí Sutherland UCD le linn na bliana agus tá an bailiú airgid don fhoirgneamh nua €27 milliún beagnach i gcrích. Is é A & L Goodbody an príomhurrattheoir corparáideach don Scoil Dlí nua.

Tá traidisiún seanbhunaithe ag ollscoileanna sa RA agus i SAM iarraidh ar a alumni bronnantas a thabhairt don alma mater acu gach bliain. An sprioc atá leis sin á caidreamh ar feadh an tsaoil a bhunú agus cultúr a chothú mar a dtugtar ar ais don alma mater. Chuige seo, sheol Fondúireacht UCD a chéad fheachtas bailithe airgid ar an teiléafón in earrach na bliana 2007 chun Ciste Alumni a bhunú. Le linn na bliana chuathas i dteagmháil le isteach is amach le 8,000 céimí agus gealladh €250,000 don ollscoil. Ina chéad bhliain, thacaigh an Ciste le scoláireacht Nua ERA, le Scoláirí Córacha UCD, le scoláireachtaí do Cheolfhoireann Shiansach UCD agus leis an tSeirbhís Chomhairleachta do Mhic Léinn.

Spriocanna don todhchaí


Féachfaidh an Oifig Chaidrimh Alumni le himeachtaí nua a eagrú le hiarchéime a thabhairt le chéile lena chlár agus cuirfear ar bun teacht le chéile 10 mbliana, a fhéachfaidh le 'alumni cailte' a nascadh arís leis an ollscoil – céimithe nach bhfuil an Oifig i dteagmháil leo níos mó mar nach bhfuil sonraí teagmhála chun dáta aici dóibh. Ní foláir don Oifig feabhas a chur ar a chumas ardáin dhigiteacha a úsáid d'fhonn dul i dteagmháil lena líonraí.

Ceapfar foireann ghairmiúil bhailithe airgid chun cuidiú le Fondúireacht UCD agus lena eagraíochtaí gaolmhara i SAM agus sa RA.

UCD Connections
irisleabhar alumni



Aitheantas Speisialta



Samhain 2007

Dermot Desmond

Bhronn UCD Dochtúireacht Oinigh sa Dlí ar Dermot Desmond ar an 23 Samhain 2007 mar aitheantas ar an gcion thar na bearta a rinne sé don nuálaíocht agus don fhiontraíocht in Éirinn. Ag searmanas an bhronnta, bronnadh bonn Ulysses UCD air chomh maith, a bhronntar ar dhaoine a chruthaigh eintiteas nó corpas eolais a chuireann go suntasach le leas an phobail. Is aitheantas an dara dámhachtain sin ar an ról lárnach a bhí aige agus é ar an duine leis an bhfís ar bunaíodh an IFSC uirthi.



Nollaig 2007

Stephen Rea

Ar an 3 Nollaig 2007, bhronn UCD Dochtúireacht Oinigh sa Litríocht ar an aisteoir Stephen Rea 'don chion ar leith a rinne sé ar son na dtaibhealaíon'. Taobh amuigh dá shaol gairmiúil, tá Rea ina urlabhraí le haghaidh Cystinosis Ireland agus ina thaidhleoir le haghaidh UNICEF ina chlár VEID/



*Sa ghrianghraf (ar dheis):
Ag searmanas oifigiúil an
bhronnta i Halla O'Reilly
Hall - an Dr Geoffrey
Dean agus Anthony Pilaro*

*Sa ghrianghraf (ar chlé):
Bronnadh Dochtúireacht
Oinigh Dlí ar Dermot
Desmond le linn
Shamhain 2007*

SEIF san Afraic fho-Shahárach. De bhreis air sin, thacaigh sé leis an taighde ar VEID/SEIF ag UCD agus thug sé aird phraiticiúil ar an obair atá ar siúl in Ionad Taighde UCD do Ghalair Ionfhabhtaíocha.

Meitheamh 2008

Dr Geoffrey Dean

Bhronn UCD Dochtúireacht Oinigh san Eolaíocht ar an Dr Geoffrey Dean. Bhí an Dr Dean ar an gcéad eolaí a fuair amach óna chuid staidéar leighis go gcúisíonn idir thosca géiniteacha agus thosca timpeallachta scéarlóis iolrach. Sa bhliain 1968, ceapadh é ar an gcéad stiúrthóir ar Bhord Taighde Soch-Leighis na hÉireann áit ar bhunaigh sé bunáit taighde do sheirbhísí sláinte na hÉireann. Sa bhliain 2003, bhronn rialtas na Breataine CBE air mar aitheantas ar a chion ar son taighde leighis.

*Bronnadh Dochtúireacht
Oinigh sa Litríocht ar an
aisteoir Stephen Rea i mí
na Nollag 2007*

Anthony Pilaro

Bhronn UCD Dochtúireacht Oinigh sa Dlí ar Anthony Pilaro i mí an Mheithimh 2008 mar aitheantas ar a dhaoine, go háirithe an cúnamh a chuir sé ar fáil in Éirinn. Is aturnae agus baincéir infheistíochta é, agus ar an tacaíocht dhaonchaidiúil a chuir Pilaro ar fáil in Éirinn tá bunú an ghailearaí taispeántais, The Studio i mBaile Átha Cliath agus an bronnantas suntasach a thug sé chun chuidiú le bunú Ionad Taighde UCD do Ghalair Ionfhabhtaíocha.

Gach bliain ar an 16 Meitheamh, comóradh Lá Bloom James Joyce, bronnann UCD céimeanna oinigh ar dhaoine ó gach cuid den saol a bhfuil an mhian acu difríocht a dhéanamh ar son an phobail agus athruithe a chur sa siúl. Thug an ollscoil aitheantas do sheachtar i mbliana sna hearnálacha seo a leanas: foraoiseacht, leigheas,

iriseoireacht, eacnamaíocht, eolaíocht shóisialta, ceardchumannachas agus luibheolaíocht.

Bhronn UCD céim Oinigh sa Dlí ar **Olive Braiden** mar aitheantas ar a feachtas oibre ar shon chearta na mban. I mí Lúnasa 2003, ceapadh í ina cathaoireach ar an gComhairle Ealaíon. Tá sí ina Coimisinéir um Chearta an Duine, ina ball boird den tSeirbhís Chúirteanna agus den Bhord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithniúnacha agus ina cathaoireach ar an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime. Ceapadh í ar Chomhlacht Tagarmharcála na Seirbhíse Poiblí sa bhliain 2006, agus tá sí ina ball freisin de Thascfhórsa Oilimpeacha Londain 2012.

Bhronn UCD Dochtúireacht Oinigh sa Dlí ar **Des Geraghty**. Ba FPE é agus iarbhall d'Údarás RTÉ. Faoi láthair tá Geraghty ina bhall de Bhord Filíochta na hÉireann. Rinneadh scairsealbhóir tofa d'Amharclann na Mainistreach de sa bhliain 1998 agus ceapadh é ar bhord FÁS an bhliain dár gcionn. D'fhóin sé ar an Údarás Iomaíochais Náisiúnta agus faoi láthair tá sé ina bhall de Chomhairle Feidhmiúcháin ICTU.

Bronnadh céim oinigh sa Dlí ar **Geraldine Kennedy**, eagarthóir The Irish Times. Nuair a thosaigh sí ina gairm iriseoireachta d'oibrigh sí leis na nuachtáin seo a leanas: *The Munster Express*, *The Cork*

Examiner, *The Irish Times*, *The Sunday Tribune* agus *The Sunday Press*. Toghadh í mar theachta in Dáil Éireann sa bhliain 1987, agus ceapadh í ina hurlabhraí le haghaidh an Pháirtí Dhaonlathaigh um Chúrsaí Eachtracha agus Thuaisceart Éireann. Sa bhliain 1989, d'fhill sí ar an iriseoireacht leis an *The Irish Times*, agus ceapadh í ina heagarthóir ar an nuachtán sa bhliain 2002.

Bronnadh Dochtúireacht oinigh san Eolaíocht ó UCD ar an **Ollamh Stephen O'Rahilly**, atá ina Chathaoireach ar Leighis Meitibileach agus ar an mBitheolaíocht Chliniciúil ag Ollscoil Cambridge. D'fhóin sé mar chomhairleoir eolaíochta don Ionad Leighis Mhóilínigh, Baile Átha Cliath agus d'Ionad UCD um Thaighde ar Dhiaibéiteas. Tá an iliomad gradam buaite ag an Ollamh O'Rahilly toisc a thaighde lena n-áirítear bonn ón gCumann Inchríneolaíochta, bonn an European Journal of Endocrinology agus Gradam Idirnáisiúnta Novartis don Thaighde Cliniciúil ar Dhiaibéiteas.

Bhronn UCD Dochtúireacht oinigh sa Dlí ar an **Ollamh Ji Baocheng**, Cláraitheoir agus iar-Uachtarán Ollscoil Renmin sa Síne. Faoi láthair tá sé ina leaschathaoirleach ar an 10ú Comhdháil na nDaoine Náisiúnta; ina bhall den Choimisiún um Chéimeanna Acadúla de chuid na Comhairle Stáit agus ina bhall de Ghrúpa Measúnachta Disciplíní

Ag an ócáid (ó thaobh na láimhe clé): Olive Braiden; An tUasal Des Geraghty; An tOllamh Stephen O'Rahilly; An tOllamh Jürgen Huss; An Dr Hugh Brady, Uachtarán, UCD; An tOllamh Ji Baocheng; An tOllamh Xu Zhihong; agus Geraldine Kennedy



na Comhairle; ina bhall den Choiste Eolaíochtaí Sóisialta de chuid na hAireachta Oideachais; agus ina leas-Uachtarán ar Chumann Oideachais na Síne um Malartú Idirnáisiúnta.

Bhronn UCD Dochtúireacht oinigh san Eolaíocht ar **Jürgen Huss** mar aitheantas ar an tionchar a bhí aige ar rialtas na hÉireann i leith na forbartha inbhuanaithe in earnáil na foraoiseachta. Bhí dlúthbhaint aige le UCD agus le duine de na tionscnóirí a chuir an líonra Silva ar bun, líonra Eorpach d'ollscoileanna foraoiseachta a chuidíonn le mic léinn foraoiseachta Éireannacha seimseastar a chaitheamh thar lear agus le mic léinn Eorpacha teacht go UCD agus taithí a fháil ag plé le foraoiseacht na hÉireann.

Bhronn UCD Dochtúireacht oinigh sa Dlí ar an **Ollamh Xu Zhihong** mar aitheantas ar a thaighde ar feadh an tsaoil ar fhorbairt plandaí agus ar bhiteicneolaíocht plandaí. D'oibrigh an tOllamh Xu ag Institiúid John Innes, Norwich agus in Ollscoil Nottingham, ag forbairt gnáthaimh a chuirfeadh feabhas ar chultúr eile san eorna. Bhí sé ina Uachtarán ar Ollscoil Peking ón mbliain 1999, agus ina chathaoirleach ar Chumann na Síne um Bitheolaíocht Ceall agus ar Chlár Choiste Náisiúnta an Duine agus Bithsféar UNESCO.

Iúil 2008

Eddie O'Connor

Bhronn UCD Dochtúireacht Oinigh ar Eddie O'Connor, bunaitheoir agus POF Mainstream Renewable Power, i mí Iúil 2008. Chuir O'Connor Airtricity Holdings ar bun sa bhliain 1997 agus d'fhóin sé ina POF ar an gcomhlacht sin go dtí gur díoladh é i mí Eanáir 2008. An uailmhian is déanaí atá aige ná Ollrige Eorpach Amach ón gCósta a thógáil a chinnteoidh go mbeidh an Eoraip in ann freastail uirthi féin ó thaobh fuinnimh de agus chomh maith leis sin leictreachas saor ó charbóin a chruthú. Tá sé ina rúnaí ar Chumann Fuinnimh Ghaoithe na hEorpa.



Saineolaí i mbitheolaíocht na gceall, an tOllamh Shuh Narumiya, ar bronnadh Bonn Ulysses UCD, le hUachtarán UCD, an Dr Hugh Brady

Bonn Ulysses

An tOllamh Shuh Narumiya

Tá an tOllamh Shuh Narumiya ar dhuine de shaineolaithe an domhain ar bhitheolaíocht na gceall agus bhronn UCD Bonn Ulysses air ag Institiúid Conway ar an 23 Bealtaine 2008. Fuair an tOllamh Narumiya an gradam mar aitheantas ar a thaighde agus a fhionnachtana eolaíochta i réimse na bitheolaíochta ceall. Diríonn obair eolaíochta an Ollaimh Narumiya ar dhá phríomhcheist: cé chaoi a ndéanann cealla a gcruth, cén chaoi a ngluaiseann siad ó fhíocháin; agus an chaoi ar féidir le cur isteach ar na meicníochtaí seo a bheith ina gcúis le galar.

Thomas Kinsella

Bronnadh Bonn Ulysses UCD ar an bhfile Éireannach Thomas Kinsella mar aitheantas ar a chuid saothar, atá breac, mar a deir an file féin, le 'háiteanna pearsanta bunaithe', agus tá cathair Bhaile Átha Cliath ag croílár a shaothar. Agus é ag labhairt ag searmanas an bhronnta in UCD ar an 16 Bealtaine (Lá Bloom) 2008, luaigh an tOllamh Maurice Harmon an chaoi ar ghlac Baile Átha Cliath seilbh ar Kinsella níos mó ná aon scríbhneoir eile ó James Joyce i leith.



Bronnadh Dochtúireacht Oinigh san Eolaíocht ó UCD ar Eddie O'Connor i mí Iúil 2008

Bronnadh Bonn Ulysses UCD ar bhuaiteoir Dhuais Nobel, an t-eolaí, an tOllamh Ferid Murad

*Bronnadh Bonn Lá
an Bhunaithe UCD ar
chéimí UCD, Mícheál Ó
Muircheartaigh*

An tOllamh Ferid Murad

Mar aitheantas ar a fhionnachtain i ndáil le hocsaíd nítrigine a úsáid i ndrugáí a dhéanamh agus i dteiripe galair, bronnadh Bonn Ulysses UCD ar an Ollamh Ferid Murad, buaiteoir Duais Nobel le heolaíocht. Bhí a obair cheannródaíoch eolaíochta ina bhunús don taighde bitheolaíochta a bhain le réimsí nua a iniúchadh a chuireann targaidí drugaí ar fáil don iliomad galar, lena n-áirítear hipirtheannas scámhógach, ailse agus galar cairdiach. Tar éis an tsearmanais fhoirmiúil bhronnta, thug an tOllamh Murad a léacht Ulysses dar teideal 'Discovery of Nitric Oxide and its Application in Drug Development' in Institiúid Conway UCD ar an 17 Meán Fómhair 2007.



Bonn Lae Bhunaithe

Mícheál Ó Muircheartaigh

Mar aitheantas ar an méid thar na bearta a rinne alumnus de chuid UCD, Mícheál Ó Muircheartaigh, ar son spóirt na hÉireann agus ar son na Gaeilge, bhronn UCD Bonn Lae Bhunaithe air ar an 9 Samhain 2007. Tá an Muircheartaigh ar dhuine de na tráchtairí spóirt is iomráití in Éirinn, agus d'oibrigh sé ina mhúinteoir i mBaile Átha Cliath sula raibh sé ina chraoltóir lánaimseartha le RTÉ. I lár na 1980dí, ghlac sé áit Mhíchíl O'Hehir mar phríomhthráchtair spóirt RTÉ.